

❖ An Lúibín ❖

21 Iúil 2024

Ó Chréanna Eile / From Other Earths

Cnuasach dátheangach filíochta le Julie Breathnach-Banwait agus Colin Ryan (Bobtail Books 2024).

Foilsíodh trí chnuasach le Julie cheana: *Dánta Póca* (Coiscéim 2020), *Ar Thóir Gach Ní* (Coiscéim 2022), agus *Cnámha Scoilte - Split Bones: Cnuasach Prós-Fhilíochta - A Collection of Prose Poetry* (Bobtail Books 2023). Tá dhá chnuasach le Colin Ryan i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

A new bilingual poetry collection by Julie Breathnach-Banwait and Colin Ryan, published by Bobtail Books, 2024.



Easpa gaelscolaíochta

Too few Irish schools teach through Irish, despite demand: this, it is argued, is what creates an image of exclusivity and Irish-language 'elitism'.

Sean-nath anois é go bhfuil saothrú agus buanú na Gaeilge ag brath, mórán, ar an ngaelscolaíocht. Ach tá fadhb áirithe ann – ceann a cíoradh cheana ar *An Lúibín* agus a ndearnadh trácht uirthi in *Tuairisc*,¹ agus sin ‘íomhá éilíteach,’ peaca nach furasta a mhaitheamh do dhream ar bith ar na saolta seo.. Mar a dúradh in *Tuairisc* le déanaí, tháinig saineolaithe oideachais ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i láthair coiste Dála chun an scéal a phlé, agus orthu siúd bhí stiúrthóir an ionaid taighde SEALBHÚ, an Dr Aisling Ní Dhiorbháin. Duirt sí go raibh tóir ar an ngaeloideachas ach go raibh ganntanas scoileanna lán-Ghaeilge ann. Ba é an ‘ró-éileamh’ seo ba chúis leis an íomhá éilíteach, ach ní raibh an íomhá sin ceart ná cruinn.

Bíonn inní ar thuismitheoirí (a dúirt sí) nach n-oirfidh an tumoideachas dá glann agus gan Gaeilge acu féin: ach inní gan bhunús í. Baineann daltaí leas an tumoideachas ar aon nós, beag beann ar líofacht a dtuismitheoirí. Is í an fhadhb is mó go gcaithfidh daltaí óga an ghaelscolaíocht a thréigean nuair nach bhfuil iarbhunscóil lán-Ghaeilge le fáil acu.

Luaigh an Diorbhánach an Bhreatain Bheag, áit a bhfuil súil acu go mbeidh 40% de na scoileanna ag múineadh trí Bhreatainis faoin mbliain 2050. Ní leor polasaí; tá tacaíocht ag teastáil chomh maith. Níl an Stát ag ceadú mórán scoileanna lán-Ghaeilge nua, ach tá moltaí déanta ag SEALBHÚ faoi conas scoileanna lán-Ghaeilge a dhéanamh de scoileanna lán-Bhéarla. Dúirt an Teachta Dála Éamon Ó Cuív cheana gur chóir scoileanna lán-Bhéarla a dhúnadh agus a chónascadh más gá sin a dhéanamh chun scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar bun – tuairim a chothódh iaróg, b'fhéidir.

Ní hannamh a dúramar go dtéann beocht sa Ghaeilge in Éirinn i bhfeidhm ar áiteanna eile, ach ní féidir an bheocht sin a chothú gan an ghaelscolaíocht féin a neartú. Is fíor-annamh a fháiscítear cainteoir líofa Gaeilge as scolaíocht lán-Bhéarla, ach ní fiú an Ghaeilge éigeantach a cháineadh (arís) anseo, dá neamhéifeachtaí í. Tar éis an tsaoil, is í Éire foinse na teanga, agus is iad na gaelscoileanna agus an gréasán Gaeilge a bhaineann leo is mó a chuireann an teanga chun cinn, fiú má tá sí ina criól anois i mbéal a lán Gaeilgeoirí, sin focail Ghaeilge agus blas an Bhéarla orthu. Dá mhéad éagsúlacht atá ag roinnt le scoileanna lán-Ghaeilge is ea is fearr, ach ní fhásfaidh an éagsúlacht sin gan córas na gaelscolaíochta a leathnú, d'ainneoin thámh na Roinne Oideachais. Tá an-suim againn ina bhfuil le teacht.

¹ <https://tuairisc.ie/feachtas-feasachta-molta-don-ghaeloideachas-chun-fail-reidh-le-hiomha-an-eiliteachais/>



Filí mná i nGaeilge na hAlban inniu

In Gaelic Scotland, as in Gaelic Ireland, women poets have making their mark for decades. Some are native speakers, others learned Gaelic as adults.

In 1976 tháinig *Nua-Bhàrdachd Ghàidhlig / Modern Scottish Gaelic Poems* amach, díolaim dána dhátheangach agus é curtha in eagar ag an bhfile agus criticeoir Domhnall MacAmhlaidh. Nuair a foilsíodh é ba iad na filí móra fir a bhí i mbéal an phobail (pobal scáinte úd na Gaeilge) - Somhairle MacGill-Eain, Iain Mac a' Ghobhainn, Deòrsa Mac Iain Deòrsa, Ruaraidh MacThómais, Domhnall MacAmhlaidh. Iadsan amháin atá sa díolaim, mar sin, agus MacAmhlaidh féin ar dhuine acu. Nua-aoisithe iad a tógadh le dúchas traidisiúnta ach ar éirigh leo comhréiteach éigin a dhéanamh idir sin agus cultúr an tsaoil mhóir a bhí ag cúngú orthu. Níor chaill siad an lé a bhí acu lena bhfód dúchais in Inse Ghall, ach chuaigh siad i ngleic leis ar bhealaí difriúla – le meas, le híoróin, le cumha. Cuimhnimis ar 'Hallaig,' dán mór síofrúil le Somhairle MacGill-Eain, lán de bhrón agus de mhórtas cine:

Tá bùird is tàirnean air an uinneig
triomh 'm faca mi an Aird an Iar
's tha mo ghaol aig Allt Hallaig
'na craobhe bheithe, 's bha i riamh

eadar an t-Inbhir 's Poll a' Bhainne,
thall 's a bhos mu Bhaile-Chùirn:
tha i 'na beithe, 'na calltuinn,
'na caorunn dhireach sheang ùir.....

Tá cláir agus tairní ar an bhfuinneog a bhfaca mé an tIarthar tríthi, agus tá mo ghrá ag Sruthán Hallaig ina crann beithe, agus bhí sí riamh idir an tInbhir agus Poll an Bhainne, thall is abhus timpeall Bhaile Chùirn: tá sí ina beith, ina coll, ina caorthann díreach seang úr....

Deirtear uaireanta in Éirinn go bhfuil na mná tagtha chun tosaigh i bhfilíocht na Gaeilge. Cúiteamh stairiúil é sin ar an bhfaillí a rinneadh orthu sa litríocht oifigiúil leis na céadta bliain, agus ní fhéadfá díolaim a dhéanamh anois gan a gceart a thabhairt d'fhilí mná. Is fíor, ar ndóigh, gur dhream suntasach na mná riamh i dtaca le litríocht béil de – na caointe, na hamhráin. Ach is iad na fir is mó a chuireadh peann ar phár, nó ar a laghad is é a saothar siúd ba mhinice a tháinig slán. Is é an scéal céanna in Albain é.

Ní mór a chur san áireamh gur fíorbheag é líon na ndaoine a chumann agus a léann filíocht i nGaeilge na hAlban. Ar éigean a mbeadh sí mar phríomhtheanga ag 4,000 duine as timpeall 50,000 a deir go bhfuil Gaeilge acu, agus níl sí ach ag cúpla céad duine i nGlaschú agus i nDún Éideann faoi seach, áiteanna is dóichí a bhfaighfeá lucht na filíochta comhaimseartha.

Ba léir sna seachtóidí féin, áfach, go raibh borradh gan choinne ag teacht ar fhilíocht Ghaeilge na hAlban. Tugtar ómós cuí dá réir do na filí fir nach maireann, amháil Somhairle MacGill-Eain agus Iain Mac a' Ghobhainn, ach tá glúin filí mná tagtha ar an bhfód ó shin, agus níl iontu siúd atá á bplé thíos ach roinnt acu.

Amhail a leithéidí in Éirinn, tá Gaeilge mar an dara teanga ag cuid acu. Tá Meg Bateman agus Deborah Moffatt orthu siúd nach bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu, in éineacht le Sandaidh NicDhòmhnaill Jones.

I nDún Éideann a rugadh Bateman. Rinne sí staidéar ar theangacha Ceilteacha in Ollscoil Obar Dheathain agus fuair PhD i bhfilíocht reiligiúnach Ghaeilge na meánaoise. Ina dhiaidh sin bhí sí ina léachtóir in Ollscoileanna Dhún Éideann, Obar Dheathain agus Chill Rìmhinn. Tá baint aici anois le Sabhal Mòr Ostaig. Foilsíodh an chéad chnuasach aici, *Òrain Ghaoil (Amhráin Ghrá)* in 1990, an dara ceann, *Aotromachd agus dàin eile*, in 1997, an tríú ceann, *Soirbheas*, in 2007, agus an ceathrú ceann, *Transparencies*, in 2013. Is fada éileamh uirthi agus í ag léamh a cuid dánta.

Dánta greanta grá a scríobhadh sí ar dtús:

B'e t' aotromachd a rinn mo thàladh,

aotromachd do chainnt is do ghàire,
aotromachd do lethchinn nam làmhan,
t' aotromachd lurach ùr mhàlda... (Sliocht as 'Aotromachd'.)

*Ba í d'éadroime a rinne mé a mhealladh, éadroime do chainte agus do gháire, éadroime do leicinn i mo lámha,
d'éadroime álainn úr málna...*

Ina dhiaidh sin tháinig foirm níos scaoilte ar na dánta, agus leathnaigh a dearcadh ar an saol, ar a ainnise agus ar a áilleacht. Sa dán 'Dòbhran Marbh' téann sí i ngleic le déine agus le maisiúlacht an dúlra.

An comhair a chinn dha na creagan foidhe,
far an laigh e san dubhar mar chloch eile,
a shròn air a pronnadh, gaoisid na fhiacian,
air a chùlaibh, a shaobhaidh, ùrail, gorm,
mun cuairt air sa bhruach, dàil-chuach is seòbhrach. (Sliocht as 'Dòbhran Marbh'.)

*I ndiaidh a chinn dó agus na carraigeacha faoi, mar ar luigh sé mar chloch eile, a shròn basctha brúite, clúmh
faoina fhiacian, a phluais ar a chúl, i glas agus gorm, agus sailchuach agus saibhircín ina thimpeall ar an mbruach.*

In Vermont i Meiriceá a rugadh agus tógadh Deborah Moffatt. Fuair sí céim ó Ollscoil Washington le BA i Spáinnis agus i gCumarsáid agus MSc i gCumarsáid ó Ollscoil Bhostúin. In 1982 chuir sí fúithi in Albain, ach roimhe sin chaith sí roinnt blianta ina hiriseoir i Meiriceá Theas, san Airgintín, in Uragua agus i Meicsiceo. Tá trí chnuasach foilsithe aici, dhá cheann i mBéarla agus ceann i nGaeilge - *Eating Thistles, Far From Home, Dàin nan Dùil*.

...s sin thu, a' coimhead air an sgàthan,
a' coimhead air d' aodann fhèin
mar nach eil fios agad cò thu
no cò às a thàinig thu,

iargaltas na tíre air do chùlaibh,
aodann na h-aibheis air do bheulaibh,
sàl nad fhuil, úir nad chnàmhan,
an làr a' tulgadh fo do chasan. (Sliocht as 'Air Acair'.)

*...agus sin thú, ag féachaint ar an scáthán, ag féachaint ar d'aghaidh féin, mar níl a fhios agat cé thú nó céard as ar
tháinig tú, iargáltas na tíre ar do chúl, aghaidh na heilifinte os do chomhair, salann i d'fhuil, úir i do chnámha, an
talamh ar crith faoi do chosa.*

Thosaigh Sandaidh NicDhòmhnaill Jones ag foghlaim Gaeilge in 2000. Bhí a oiread máistreachta aici uirthi faoin mbliain 2007 go ndeachaigh sí i gceann filíochta agus duaiseanna á mbaint aici dá bharr. De réir mar a mhéadaigh a suim i dteangacha, thug sí suntas d'fhilíocht na dteangacha sin agus rinne sí aistriúcháin. D'fhoilsigh sí an céad bhailiúchán aici, *Crotal Nuadh*, in 2016. Choimisinigh Acadamh Ríoga na hÉireann sraith dánta uaithi chun comóradh a dhéanamh ar an míle is cúig chéad bliain ó rugadh Colm Cille.

Mis' an lionn a dh'fhosglas
sùil-inntinn a' bhàird,
's a leigeas fhaicinn
taobhan eile
nach shaoileadh tu
's nach creideadh tu.
Mis' an deoch
a lasas taine-lèirsinn
is a fhadas sradaig
ro-shealladh an fhàidh. (Sliocht as 'Fáth'.)

*Mise an leann a osclaíonn súil-intinn an fhile, agus a ligeann duit taobhanna eile a fheiceáil nach smaoinfeá
orthu agus ní chreidfeá iontu. Mise an deoch a lasann tine-léirstean agus a fhadaíonn aibhleog réamhfhis an fhile.*

B'fhéidir gurbh í Catrìona NicGumaraid (1947–2024) an file mná ba chluíte i nGaeilge na hAlban lenár linn. Rugadh í i Ròdhag ar an Eilean Sgitheanach agus chuaigh sí ar Ollscoil Ghlaschú roimh di dul le múinteoireacht. Sna 1970idí a thosaigh sí ag scríobh filíochta, agus bhí a cuid dánta le léamh ar a lán irisí ; d'fhoilsigh sí a céad chnuasach in 1974. Cúrsaí grá, teaghlaigh, creidimh agus dúchais ab ábhar dá cuid filíochta, agus le himeacht aimsire ghluais sí ó mhachnamh ar an ngrá go dtí an spioradáltacht. Ba chúis inní di ceist an dúchais, an rud a bhí aici tráth a bheith ag éalú as a seilbh.

Nuair a bheir an fheannag
an t-sùil às a' chaora mu dheireadh,
bidh mi ri dèidh air d' uinneagan:
bidh iad an sin
a' cluich chairtean
's ag òl Beaujolais,
poodle a' dannsa mun chasan.... (Sliocht as 'Ròdhag, anns a' Bhliadhna 2000'.)

Nuair a bhainfidh an fheannóg charrach an tsùil as an gcaora faoi dheireadh, beidh mé ag tabhairt spléachadh trí d'fhuinneoga: beidh siad ansin ag cluiche cártaí agus ag òl Beaujolais, poodle ag damhsa timpeall a gcosa....

Rugadh a deirfiúr Mòrag in 1950. Chaith Mòrag seacht mbliana i Scoil Ealaíne Ghlaschú, agus tamall de bhlianta ina dhiaidh sin chaith sí cúig mhí i nGaillimh, áit ar oileadh í mar phuipéadóir teilifíse. Rinne sí páirteanna i sraitheanna teilifíse, agus lean uirthi ag déanamh ealaíne. Ach tá ceird eile aici – an fhilíocht – agus a lán dánta léi le fáil i nduanairí, dánta a ndearnadh amhráin de chuid acu.

Rugadh iad don ghrèin
's sheòl iad greiseag ga h-ionnsaigh
fear an dèidh fir
ceum air cheum
's cha bhi
air fhàgail
ach an onair
air a sgrìobhadh
air oiteag gaoithe (Sliocht as 'Coimhead iad fhathast a' tighinn'.)

Rugadh iad don ghrian agus sheol siad ina treo, fear i ndiaidh fir, céim ar chéim, agus níl fágtha ach a n-oineach a scrìobhadh ar shíob gaoithe.

Rugadh Anne Frater in 1967 i Steòrnabhagh ar Leòdhas. Fuair sí céim ó Ollscoil Ghlaschú le céadonóracha i gCeiltis agus i bhFraincis, agus in 1995 bronnadh PhD uirthi as a tráchtas ar fhilíocht Ghaeilge na mban in Albain anuas go dtí 1750. Bíonn sí ag léachtóireacht i gColaisde a' Chaisteil i Steòrnabhagh. Tá a cuid dánta le fáil i ndíolamaí filíochta Gaeilge agus in irisí. Ba é an chéad chnuasach aici *Fo'n t-Slige* (Gairm 1995) agus ba é an dara chnuasach *Cridhe Creige* (Acair 2017, dátheangach). Déanann a cuid filíochta anailís ghrinn ar fhéiniúlacht agus ar náisiún chomh maith le grá, tírdhreach agus teanga. Scríobhann sí go príomha i saorvéarsaíocht.

Faisg air daoine:
gan coimhead,
gan cluinntinn,
ach cha ruig iad orm –
tha mi ro fhad' air falbh.

Chan urrainn dhomh fàgail,
chan urrainn dhomh tilleadh,'s cha tig an dà leth ri chèile. (Sliocht as 'Eilean Phabail'.)

Gar do dhaoine: á bhfeiceáil, á gcloisteáil, ach ní bheireann siad orm – táim rófhada uathu. Ní féidir liom fàgail, ní féidir liom filleadh, agus ní thagann an dá leth le chèile.

Rugadh Màiri NicGumaraid in Airigh a' Bhruthaich in Eilean Leòdhais in 1955. Fuair sí céim máistreachta in Ollscoil Obar Dheathain in 1976, agus ina dhiaidh sin fuair dioplóma in Oideachas Aosach in Ollscoil Ghlaschú. Chaith sí blianta fada ag obair sa BBC. Chuir sí trí chnuasach filíochta amach: *Eadar Mi 's a' Bhreug* (Coiscéim 1988), *Ruithmean 's Neo-Rannan* (Coiscéim 1997) agus *Fo Stiùir A Faire* (Coiscéim 2012). Eagráin dhátheangacha ba ea iad agus na dánta aistrithe go Gaeilge na hÉireann. Ina theannta sin, d'fhoilsigh sí dhá úrscéal: *Am Baile Beag Annasach*, do pháistí (Acair 1990) agus *Clann Iseabail* (Acair 1993). Tá aird tugtha ar bhlas intleachtúil a saothair.

Feumaidh mi dhol chun taigh-tasgaidh
dh'fhaicinn uidheaman m' eachdraidh
a shad mo sheanmhair às,
a shuath mo sheanair
le bhoisean cnapach sgìth
air a' chuairt mu dheireadh
a ghabh e
dhan t-sabhal. (Sliocht as 'An Taigh-tasgaidh 's an Leabhar'.)

*Caithfidh mé dul chun iarsmalainne go bhfeicfinn trealamh mo staire, a chart mo sheanmháthair agus a shliocadh
mo sheanathair lena lámha cnapacha tuirseacha ar an gcuart dheiridh a thug sé ar an scioból.*

Na mná, mar sin, faoi sholas gréine nua. Is ait an scéal é bláthú a gcuid filíochta, fiú agus a laghad sin cainteoirí dúchais ann, agus gan gréasán láidir gaelscolaíochta ann mar atá in Éirinn chun cainteoirí nua a scaoileadh amach chun an tsoil. Tá filí mná eile chugainn. Mura fearr, nára measa.

Féach:

- Marsaili MacLeod (eag.). *Gaelic in Contemporary Scotland: The Revitalisation of an Endangered Language*. Edinburgh University Press, 2018.
- Scottish Poetry Library : <https://www.scottishpoetrylibrary.org.uk/>



Foilsíodh leagan den alt seo ar *An Lúbín* ar an 18 Iúil 2011.

An stair agus an scéal

History should be based on research and be as accurate as sources permit; but equally important is folklore, human imagination.

'Níl stair na hÉireann scríofa fós' a dúirt Alan Titley, acadóir, criticeoir agus údar, in alt ar *The Irish Times* ('Doras Feasa,' 23/6/11). Deir sé (mar a dúirt mórán eile nach é) nach bhfaighimid ach 'foinsí stáit agus cabaireacht na n-uasal, scríobadh caol ar barra, uachtar breoite an chinsil'.

Is é a bharúil nach ndéantar ach 'feacadh glúine' i dtreo an bhéaloidis agus na háirseolaíochta, agus go bhfághtar an stair shóisialta 'i dtaobh le giúirléidí, le huirlisí, le hiontstraimintí, le ciúitrimintí, le cip agus le meanaithí an tsoil ábhartha'. Eisceacht ba ea *Foras Feasa ar Éirinn* Shéathrúin Chéitinn, dar leis, agus an bheatha dhaonna le brath go beo ann.

Is breá leis, áfach, *Manuail de Litríocht na Gaeilge*, saothar ó lámh Breandáin Uí Dhoibhlin nach leabhar é in aon chor ach sé cinn d'fhaisiclé nó d'imleabhair atá ag teacht amach le deich mbliana anuas: 'díolaim de scoth an mhachnaimh agus na mothála a déanadh in Éirinn le 500 bliain anuas go dtí lár an 19ú haois'. Deir Titley:

Ná cuireadh an focal "Litríocht" as duit sa teideal. Litríocht is ea an stair, agus stair is ea an litríocht. Is í an litríocht an craiceann atá laistigh den stair, an taobh istigh amuigh. Dá éamais sin, áfach, tugann Ó Doibhlin aistí léannta dúinn ar gach gné de ghluaiseacht na staire sin dúinn ó 1500 (nuair a thosnaíonn an chéad imleabhar) i leith, aistí greanta cúrsacha a shuíonn scéal na hÉireann go daingean sa smaointeoireacht a bhí réimiúil ag aon am ar leith.

Bheadh na meiteastaraithe ar aon aigne le Titley maidir le cruth na scéalaíochta a bheith ar leagan ar bith den stair – rud ar cuid dár ndúchas é mar bhaill den chine daonna. Níl ionainn féin ach scéal agus ní féidir linn eachtra ar bith a chur in iúl ach amháin mar scéal, cuma cén scagadh a dhéanfaimis ar chomhdhéanamh agus ar bhunús an ábhair. Rud é a eascraíonn ón gcuid is doimhne agus is diamhaire dinn, agus más scéal é ní hionann sin is a rá nach é an fhírinne freisin é – pé rud is fírinne ann. Scéal agus tráchtairacht araon is ea *Foras Feasa ar Éirinn*, machnamh, bréagnú agus dearbhú, agus tá scéalta eile istigh ann, ar nós an chinn seo faoi Chormac Mac Airt rí Éireann:

Is amhlaidh do bhí Cormac an tráth sin agus draoithe Albanacha ina fhochair ann, agus iad ag imirt iomaid draíochta ar rí Mumhan agus ar a mhuintir; agus go háirithe níor fágadh aon bhraon uisce láimh le longfort rí Mumhan, ionas go rabhadar daoine agus airnéis i nguais bháis d’easpa uisce, ionas gurbh éigean do rí Mumhan fios do chur i ndáil Mhogha Roith, draoi do bhí i gCiarraí Luachra; agus do mhair an Mogh Roith seo le naoi rí dhéag.

Agus mar tháinig Mogh Roith b’éigean don rí dhá thríocha céad Fhear Maighe, dá ngairtear Críoch Róisteach agus Críoch Chondúnach, do thabhairt dó. Agus leis sin do scaoil Mogh Roith an glas do bhí ar an uisce, dá choinneáil ó shlua rí Mumhan, maille le ga gintlí do bhí aige do theilgean san aer suas, agus san áit inar thuirling an ga, do ling tobar aisti le rí fóireadh fir Mumhan ón éigean tarta ina rabhadar.

Scéal é sin ar cuid de sheanchas na tíre é – ‘seanchas Éireann,’ mar a deir an Céitínneach. Is léir, mar sin, nach cuntas stairiúil sa ghnáthchiall atá i gceist aige ach rud is cosúla le finscéal cine. Tá croineolaíocht ann, gan dabht, agus tagairtí do dhaoine stairiúla, ach tá scéal á ríomh ann agus a bhí féin le baint as.

Ní hí seo an stair mar a chuimhnítear uirthi de ghnáth – iarracht ar ar tharla san am a chuaigh thart a mheas, a scagadh agus a scrúdú chomh fuarchúiseach agus is féidir. Ach an staraí ar mian leis an lucht léitheoireachta a mhealladh anois féin ní fiú dó a bheith róthur: ní mór dó scéal a ríomh a bhfuil blas na daonnachta air. Ní hé sin le rá go bhfuil an tuire féin gan feidhm; baineann an cruinneas agus an chaolchúis leis, fiú mura bhfuil ann lena léamh ach scata speisialtóirí. Ach is fearr leis an ngnáthdhuine rud eile – seanchas mór an tsaoil. Soiléiríonn an Céitínneach stair aigne a muintire.



Cogadh na mban

Minic go leor is iad na mná is mó a dhíolann as an gcogadh. Tá a chruthú le fáil sa scannán faisnéise seo:

Ukraine: Nation of Widows: ARTE.tv Documentary
<https://www.youtube.com/watch?v=yMyeG8Bm6dI>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au nó rianach965@gmail.com.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au or rianach965@gmail.com.

Dhá dhán le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

Leathdhéanta

Seo sceitse leathdhéanta
de bhean
faoin aer neamhtheoranta:
féach a dreach is é beo
le focail nár dúradh fós
is línte an phinn ar thóir
imlíne neamhchinnte
a beatha

Deoraí

Deoch eile, a dúirt
an Púca
is coirt crainn ghuma
in aimhréidh ina adharca
é ina dheoraí i ndeisceart
na hintinne
dóite ag grian allúrach
ag léim idir scríobairí spéire
ag rince i dteach ósta
ag ól na dí seirbhe